**LÉIGH SA BHAILE LCH 105**

**An Luan, 18ú Bealtaine 2020**

LISTEN AT: http://data.cjfallon.ie/audio/LeighsaBhaile-E-p105.mp3



**LÉIGH SA BHAILE LCH 106**

**An Mháirt 19ú Bealtaine 2020**

LISTEN AT: http://data.cjfallon.ie/audio/LeighsaBhaile-E-p106.mp3

# Rialacha na Scoile




## CEISTEANNA

1 **Cén lá a bhí ann?** *(What day was it?)*
2 **Cén t-am a bhí sé?** *(What time was it?)*
3 **Cé a bhí i dtrioblóid?** *(Who was in trouble?)*
4 **Cad a bhí ar an mbileog?** *(What was on the leaflet?)*
5 **An bhfuil rialacha i do scoil?** *(Are there rules in your school?)*

## FOCLÓIR

**rialacha** *rules*
**i dtrioblóid** *in trouble*
**ag tabhairt amach** *giving out*
**bileog** *leaflet*
**an teideal** *the title*
**screadail** *shout*
**dearmad a dhéanamh** *to forget*
**cineálta** *kind*

# LÉIGH SA BHAILE LCH 107

## An Chéadaoin 20ú Bealtaine 2020

LISTEN AT: http://data.cjfallon.ie/audio/LeighsaBhaile-E-p107.mp3



# Imríonn Larry Leadóg

Imríonn Larry leadóg gach Satharn ar a deich a chlog.
Tugann Daidí é go dtí an chúirt leadóige.
Bíonn a chara Ellie ag an gcúirt gach Satharn freisin.
Bíonn liathróidí agus raicéid leadóige ag na páistí.
Tosaíonn siad ag imirt.
Seirbheálann Larry ar dtús.
Caitheann sé an liathróid suas san aer agus buaileann sé í thar an líon leadóige.
Buaileann Ellie an liathróid ar ais chuige, arís thar an líon leadóige.
Buaileann na páistí an liathróid arís is arís.
Má bhuaileann siad an liathróid thar bhunlíne na cúirte faigheann an páiste eile scór.
Is breá leo leadóg.



**CEISTEANNA**

1. Cathain a imríonn Larry leadóg? *(When does Larry play tennis?)*
2. Cé eile a bhíonn ag an gcúirt gach Satharn? *(Who else is at the court every Saturday?)*
3. Cé a sheirbheálann ar dtús? *(Who serves first?)*
4. Cad a dhéanann sé? *(What does he do?)*
5. Cad a dhéanann Ellie? *(What does Ellie do?)*

**FOCLÓIR**

**imríonn Larry** *Larry plays*
**cúirt leadóige** *tennis court*
**seirbheálann Larry** *Larry serves*
**thar an líon** *over the net*
**ar ais chuige** *back to him*
**thar bhunlíne** *over (the) endline*

# LÉIGH SA BHAILE LCH 108

## An Déardaoin, 21ú Bealtaine 2020

LISTEN AT: http://data.cjfallon.ie/audio/LeighsaBhaile-E-p108.mp3



# Cúchulainn

Bhí buachaill ann fadó.
Setanta ab ainm dó.
Bhí a uncail Conchúr ina rí.
Lá amháin bhí a uncail ag dul chuig féasta i ndún Chulainn.
Bhí Setanta ag imirt iománaíochta lena chairde.



Chuaigh sé go dtí an féasta freisin nuair a bhí an cluiche thart.
Nuair a shroich Setanta an áit, chonaic sé cú fíochmhar os comhair an dúin.
Thosaigh an cú ag rith ina threo.
Bhí a chamán agus a shliotar ina lámh ag Setanta.
Bhuail sé an sliotar agus chuaigh sé siar i scornach an chú.

Mharaigh sé é.
Bhí brón an domhain ar Chulann nuair a chonaic sé a chú marbh.
'Cosnóidh mise do dhún go mbeidh cú eile agat,' arsa Setanta.
Sin an fáth ar thug gach duine Cúchulainn mar ainm air.

**CEISTEANNA**

1. **Cad ab ainm don bhuachaill?** *(What was the boy's name?)*
2. **Cá raibh a uncail ag dul?** *(Where was his uncle going?)*
3. **An raibh Setanta ag imirt peile?** *(Was Setanta playing football?)*
4. **Cad a chonaic sé nuair a shroich sé an féasta?** *(What did he see when he reached the feast?)*
5. **Cad a tharla ina dhiaidh sin?** *(What happened after that?)*

**FOCLÓIR**

**fadó** *long ago*
**dún Chulainn** *Culann's fort*
**iománaíocht** *hurling*
**cú fíochmhar** *fierce hound*
**camán** *hurley* **scornach** *throat*
**mharaigh sé** *he killed*
**cosnóidh mise** *I will guard*